Plean Ceachta Sinsearach 7 – Glac Páirt Ann & Dear Póstaer

Cuspóir:

Chun cuidiú le daltaí tuiscint a fháil ar an gcúis a n-úsáidtear póstaeir agus fógraí, chun machnamh a dhéanamh ar an rud a dhéanann póstaer maith agus chun dearadh póstaeir a chruthú a léiríonn teachtaireacht ar leith.

Fad ama:(thart ar) 60 go 90 nóiméad.

Naisc Churaclaim:

OSPS → Mé féin agus an domhan i gcoitinne → Oideachas na Meán

Foclóir an Lae

Íomhá: Léiriú amhairc de rud, radharc, duine nó teachtaireacht.

Codarsnacht: Ag léiriú an chaoi ina bhfuil rud éigin difriúil nuair a chuirtear é i gcomparáid le rud eile, mar shampla i gcúrsaí ealaíne, toin éagsúla de dhathanna nó na dathanna éagsúla a sheasann amach agus iad in aice lena chéile.

Teachtaireacht: Ag baint úsáide as pictiúr nó focail chun rud éigin tábhachtach a roinnt leis an lucht féachana.

An Lucht Féachana: Na daoine a bheidh ag féachaint ar do phóstaer.

Fógraíocht: Cur síos a dhéanamh nó aird a tharraingt ar tháirge, ócáid nó smaoineamh chun é/í a chur chun cinn.

Díospóireacht Ranga

- Cad iad na póstaeir atá feicthe agaibh? Breacaigí iad seo síos ar an gclár bán nó ar an smeach-chairt.
- Cén fáth a gcuimhníonn sibh orthu, dar libh? De ghnáth is iad na cinn a gcuimhnímid orthu na cinn a sheasann amach/ leis an teachtaireacht is fearr.
- Cá bhfeiceann sibh na póstaeir seo de ghnáth?

Gníomhaíocht

1. CRUTHAIGH póstaer

Is iad seo a leanas na leideanna is fearr le póstaer a dhearadh – scríobh/taispeáin é seo ar an gclár/ osteilgeoir. Labhair faoi gach ceann díobh leis an rang agus breac síos aon smaointe in aice leo le húsáid níos déanaí sa cheacht.

1. Coimeád simplí é

   Go minic bíonn deifir ar dhaoine agus ní bhíonn ach cúpla soicind acu le haird a thabhairt ar do phóstaer. Coimeád simplí é le go bhfeicfidh siad do theachtaireacht agus ná cuir an iomarca eolais i do dhearadh.

2. Bain úsáid as dathanna codarsnacha

   Má úsáideann tú dathanna láidre a bhfuil codarsnacht láidir eatarthu tarraingeofar aird ort féin. Cruthaigh póstaer atá go deas agus geal ionas go bhfeicfidh daoine é.

3. Ná roghnaigh ach teachtaireacht amháin

   Déan pointe amháin le do phóstaer chun an teachtaireacht a thaispeáint. Má chuireann tú an iomarca rudaí éagsúla ann éireoidh sé casta.

4. Tarraing léaráidí móra

   Má tharraingíonn tú léaráid atá an-bheag ní fheicfidh aon duine í. Déan deimhin de go bhfuil gach cuid de do léaráid soiléir ionas gur féidir le daoine í a fheiceáil i bhfad uathu.

5. Bain triail as

   Taispeáin do dhearadh do dhuine eile i do rang nó sa bhaile agus iarr orthu siúl thairis ar feadh cúpla soicind. An bhfuil siad in ann é a léamh? An dtuigeann siad é go héasca? Cén teachtaireacht a fhaigheann siad uaidh? Inseoidh sé seo duit cé chomh soiléir is atá do theachtaireacht/pictiúr do dhuine ar bith a bhíonn ag siúl thart.

6. Bí króga!

   Féach siar ar liosta na bpóstaer ar chuimhnigh an rang orthu níos luaithe sa cheacht. Cad iad na cinn ba spreagúla agus na cinn ba mhó a sheas amach? Conas a dhéanfaidh tú do cheann ionas go seasfaidh sé amach freisin?

Déan nóta de smaointe do theachtaireachtaí a d'fhéadfadh an rang a úsáid ina bpóstaeir ar an gclár/ smeach-chairt. Is féidir le daltaí póstaeir de chruth agus de mhéid ar bith a chruthú.

Ní mór go mbeadh teachtaireacht á léiriú ag na póstaeir maidir leis an tábhacht a bhaineann le haiste bia shláintiúil agus aclaíocht choirp. Bain úsáid as roinnt de na teachtaireachtaí thíos chun cuidiú leat:

- Moltar 5 chuid in aghaidh an lae ón ngrúpa bia 'bainne, iógart agus cáis' dóibh siúd atá idir 9 agus 18 mbliana d'aois.
- Samplaí d'aon chuid amháin ná 200ml gloine bainne; pota iógairt 125g; nó píosa 25g (méid bosca cipíní) de cháis chrua m.sh. Cáis Chéadair.

Nóta don mhúinteoir:

- *Moltar 3 chuid in aghaidh an lae ón ngrúpa bia 'bainne, iógart agus cáis' do pháistí idir 5 bliana agus 8 mbliana d'aois; agus do gach duine fásta atá os cionn 18 mbliana d'aois.*

2. ROINN do theachtaireacht trí fheachtas póstaeir

- Agus tréimhse ama áirithe tugtha do na daltaí chun a bpóstaeir a chruthú déan machnamh ar na háiteanna éagsúla ina bhfaca do dhaltaí na póstaeir (mar a bhí pléite níos luaithe sa cheacht).
- Pléigh leis na daltaí conas a dteachtaireacht a roinnt trí fheachtas póstaer chun cuidiú leis an bhfeasacht a mhúscailt maidir le **haiste chothromaithe bia shláintiúil agus stíl mhaireachtála ghníomhach** i measc a bpiaraí sa scoil agus sa chuid eile den phobal.
- Ar an gclár bán/smeach-chairt déan liosta de na smaointe faoi bhealaí lena dteachtaireacht a chomhroinnt. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:
  - Na póstaeir a roinnt agus cad a d'fhoghlaim an rang leis na ranganna níos óige/ an scoil uile trí chuairteanna a thabhairt ar ranganna eile nó tríd an tionól scoile.
  - Taispeántas a chruthú in áit fheiceálach sna scoileanna inar féidir le tuismitheoirí agus cuairteoirí é a fheiceáil.
  - Iarraidh ar ghnólachtaí áitiúla an gcuirfidh siad na póstaeir ar taispeáint agus an ligfidh siad do na daltaí insint dóibh faoina bhfeachtas.
- Cuntas a choinneáil den fheachtas agus é seo a úsáid chun an dialann feachtais ar an bhfoirm iontrála a chomhlánú.

3. CUIR ISTEACH ar an gcomórtas

- Tá sé éasca cur isteach ar an gcomórtas! Ní gá duit ach an fhoirm iontrála a líonadh isteach agus an dialann faoi fheachtas póstaeir agus is féidir leat iad a íoslódáil ónár suíomh gréasáin www.moocrew.ie agus é seo a chur sa phost nó ar ríomhphost chugainn in éineacht le póstaeir do chuid daltaí.
- Is féidir leis na daltaí a bpóstaeir a chur chugainn mar iontrálacha ar leith, mar iontrálacha grúpa nó mar iontrálacha ranga. Is féidir leo siúd a chuireann isteach mar ghrúpa nó mar rang a ndialann faoin bhfeachtas a chur i gcrích le chéile.

  Tabhair faoi deara: Ní mór foirm iontrála a bheith in éineacht le gach póstaer, is cuma más iontráil ar leith, iontráil ghrúpa nó iontráil ranga atá i gceist, faoin 7 Aibreán, 2017. Do ghrúpaí nó do ranganna iomlána atá ag cur isteach, is féidir fótachóipeanna a dhéanamh den eolas faoin scoil agus den dialann chomhlánaithe faoin bhfeachtas, ach ba chóir ainm an dalta ar leis/léi an saothar a scríobh ar gach foirm iontrála atá in éineacht le póstaer.

Gníomhaíochtaí Breise

1. Cruthaigh 'Taispeántas Cáiseanna' i do sheomra ranga.
2. Féach ar bhealaí eile ina mbaintear úsáid as na meáin chun teachtaireacht a chur in iúl m.sh. fógraí teilifíse, an preas, comharthaíocht eile etc. Cén chaoi eile ina bhféadfaidís a dteachtaireacht a scaipeadh?

Beir Leat Abhaile É

Déan suirbhé maidir leis na cineálacha táirgí déiríochta is fearr le do theaghlach.